СЪД НА ЕВРОПЕЙСКИЯ СЪЮЗ
TRIBUNAL DE JUSTICIA DE LA UNIÓN EUROPEA
SOUDNÍ DVŮR EVROPSKÉ UNIE
DEN EUROPÆISKE UNIONS DOMSTOL
GERICHTSHOF DER EUROPÄISCHEN UNION
EUROOPA LIIDU KOHUS
ΔΙΚΑΣΤΗΡΙΟ ΤΗΣ ΕΥΡΩΠΑΪΚΗΣ ΕΝΩΣΗΣ
COURT OF JUSTICE OF THE EUROPEAN UNION
COUR DE JUSTICE DE L'UNION EUROPÉENNE
CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH
SUD EUROPSKE UNIJE
CORTE DI GIUSTIZIA DELL'UNIONE EUROPEA

CVRIA

LUXEMBOURG

EIROPAS SAVIENĪBAS TIESA
EUROPOS SĄJUNGOS TEISINGUMO TEISMAS
AZ EURÓPAI UNIÓ BÍRÓSÁGA
IL-QORTI TAL-ĠUSTIZZJA TAL-UNJONI EWROPEA
HOF VAN JUSTITIE VAN DE EUROPESE UNIE
TRYBUNAŁ SPRAWIEDLIWOŚCI UNII EUROPEJSKIEJ
TRIBUNAL DE JUSTIÇA DA UNIÃO EUROPEIA
CURTEA DE JUSTIȚIE A UNIUNII EUROPENE
SÚDNY DVOR EURÓPSKEJ ÚNIE
SODIŠČE EVROPSKE UNIJE
EUROOPAN UNIONIN TUOMIOISTUIN
EUROPEISKA UNIONENS DOMSTOL


# Coinníollacha Úsáide Fheidhmchlár E-CURIA

1. Is feidhmchlár ríomhaireachta é "e Curia" atá coiteann don dá chúirt a chomhdhéanann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is féidir doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí mheán leictreonach leis an bhfeidhmchlár sin, chomh maith le teacht ar na doiciméid sin.

2. Iarrtar ar úsáideoirí an fhaisnéis seo a leanas a léamh go cúramach agus na gealltanais a leagtar amach ag deireadh an doiciméid seo a thabhairt.

3. Leagtar síos na rialacha maidir le húsáid e-Curia i roinnt doiciméad.

   I gCúirt Bhreithiúnais an Aontais, leagtar síos na rialacha seo in:

   - Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais;
   - cinneadh na Cúirte Breithiúnais an 4 Meán Fómhair 2024 maidir le doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí fheixdhmchlár e-Curia.

   Sa Chúirt Ghinearálta, leagtar síos na rialacha seo in:

   - Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta;
   - cinneadh na Cúirte Ginearálta an 10 Iúil 2024 maidir le doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí fheidhmchlár e-Curia;
   - Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta..

   Tá na téacsanna sin, chomh maith le Treoir Úsáideora e-Curia, atá coiteann don dá chúirt, ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

4. Ar scáileáin taispeána e-Curia, tugtar na treoracha a bhaineann leis na céimeanna atá le déanamh  chomh maith le nasc chuig treoir úsáide an fheidhmchláir.

## ROCHTAIN AR E-CURIA

5. Tá rochtain ar e-Curia saor in aisce.

6. Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh chun cuntas a oscailt:

   a. gníomhaire nó dlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó Stáit eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

   b. ollamh ar náisiúnach de Bhallstát é a n-aithníonn a reachtaíocht a cheart éisteachta.

   Ainmnítear an gníomhaire, an dlíodóir nó an t-ollamh dá dtagraítear in (a) nó (b) thuas mar shealbhóir cuntais 'ionadaí'.

   Le haghaidh riachtanais eisiacha na nósanna imeachta réamhrialaithe, féadfaidh siad seo a leanas iarraidh ar chuntas a oscailt a dhéanamh freisin:

   c. duine atá ag gníomhú thar ceann cúirt de chuid Ballstáit nó tríú Stát ag a bhfuil an chumhacht chun iarraidh ar réamhrialú a tharchur chuig an gCúirt;

   d. duine nach bhfuil stádas gníomhaire ná dlíodóra aige ach atá, mar sin féin, de réir rialacha nós imeachta náisiúnta, an chumhacht acu ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí nó ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

   Ainmnítear na daoine dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) thuas mar shealbhóirí, faoi seach, cuntas 'cúirte' agus cuntas 'duine atá údaraithe'.

## AN PRÓISEAS CHUN CUNTAS A OSCAILT

7. Chun leas a bhaint as feidhmiúlachtaí e-Curia, ní mór iarraidh ar chuntas a oscailt a chur isteach i gcomhréir leis an phróisis a leagtar amach thíos.

8. Athraíonn na téarmaí chun cuntas a oscailt ag brath ar cibé an leanann an t-úsáideoir an gnáthphróisis nó an phróisis speisialta. Leis an ngnáthphróisis is féidir cuntas a oscailt d'fhonn doiciméid nós imeachta a mhalartú leis an gCúirt Bhreithiúnais nó leis an gCúirt Ghinearálta. Rialaítear leis an bpróiseas speisialta ar chás ar chúiseanna práinne agus ceadaítear leis d'oscailt shealadach cuntais d'fhonn doiciméid nós imeachta a thaisceadh os comhair na Cúirte Ginearálta amháin.

**An gnáthphróiseas, is infheidhme maidir leis an dá chúirt**

9. Tá an fhoirm iarratais chun cuntas a oscailt ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh trí leathanach logála isteach e-Curia. Ní mór an fhoirm a chomhlíonadh, a dhátú agus a shíniú agus a sheoladh ansin chuig Clárlann na Cúirte Breithiúnais nó chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta, go leictreonach nó tríd an bpost agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur léi.

10. I ndiaidh bailíochtú na hiarrata ar chuntas a oscailt ag clárlann na cúirte lena mbaineann, seoltar dhá ríomhphost ar leith chuig an úsáideoir. Léiríonn an chéad cheann a ainm úsáideora agus an dara ceann a phasfhocal pearsanta. Ceanglaítear ar an úsáideoir an pasfhocal a athrú tar éis dó logáil isteach don chéad uair agus, ina dhiaidh sin, uair amháin gach sé mhí ar a laghad.

11. Mar chéim fhorlíontach, féadfaidh sealbhóir cuntais 'ionadaí', cuntais 'cúirt' nó cuntais 'duine údaraithe' a iarraidh freisin go n-osclófar cuntas do gach cúntóir a ainmníonn sé a bheith ina (chuntas 'cúntóir'). Le cuntas den sórt sin is féidir leis an gcúntóir sin glacadh le seirbhís, doiciméid nós imeachta arna dtaisceadh nó arna seirbheáil ag e-Curia a rochtain agus taisceadh doiciméid a ullmhú, a bhfuil sonraithe, áfach, nach mór don taisceadh a bheith bailíochtaithe i gcónaí ag sealbhóir cuntais 'ionadaí', 'cúirt' nó 'duine údaraithe' lena mbaineann an cuntas 'cúntóir'. Úsáidtear an cuntas 'cúntóir' faoi fhreagracht an tsealbhóra cuntais 'ionadaí', 'cúirt' nó 'duine údaraithe' a gceanglaítear air liosta a chúntóirí a bhfuil cuntas 'cúntóir' acu nuashonrú rialta a dhéanamh agus, go háirithe, cuntas den sórt sin a scriosadh i gcás ina n-athraítear dualgais ghairmiúla nó i gcás ina gcuirtear deireadh le gníomhaíocht.

**An próiseas speisialta, infheidhme maidir leis an gCúirt Ghinearálta amháin**

12. I gcás nach bhfuil na bearta is gá a dhéanamh déanta ag an ngníomhaire, an dlíodóir nó an t-ollamh dá dtagraítear i bpointe 6(a) nó (b) den doiciméad seo chun cuntas a oscailt de réir an ghnáthphróisis in am trátha roimh dheireadh na teorann ama chun doiciméad nós imeachta a thaisceadh os comhair na Cúirte, féadfaidh sé cuntas a oscailt go sealadach chun an taisceadh sin a dhéanamh de réir an phróisis speisialta. Chun go ndéanfaidh Clárlann na Cúirte Ginearálta oscailt an chuntais sin a bhailíochtú, ní mór don ghníomhaire, don dlíodóir nó don ollamh an fhoirm iarratais chun cuntas a oscailt a chomhlíonadh ar líne, dáta a chur léi, í a shíniú agus í a sheoladh chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta, trí mheán leictreonach nó tríd an bpost agus aon doiciméid tacaíochta is gá. Mura sroichfidh an páipéar nó an leagan leictreonach den fhoirm agus í comhlánaithe go cuí, dátaithe, sínithe agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha ag gabháil léi, Clárlann na Cúirte Ginearálta laistigh de 10 lá ón doiciméad nós imeachta a thaisceadh le e-Curia, dearbhóidh an Chúirt go bhfuil an doiciméad nós imeachta arna dtaisceadh le e-Curia do-ghlactha. Ní féidir an tréimhse sin a fhadú agus níl an fad slí dá bhforáiltear in Airteagal 60 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta infheidhme.

## DÍGHNÍOMHACHTÚ CHUNTAIS

13. Déantar cuntas nach n-úsáidtear ar feadh tréimhse trí bliana a dhíghníomhachtú go huathoibríoch. Sa chás seo, ní mór iarratas nua a chur isteach chun an cuntas a oscailt.

## FEIDHMIÚLACHTAÍ E-CURIA

### Doiciméid nós imeachta a thaisceadh

14. Ní mór doiciméid nós imeachta arna dtaisceadh trí e-Curia a sheoladh i bhformáid PDF (íomhá móide téacs).

15. Déantar faireachán ar na doiciméid a tharchuirtear chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus chuig an gCúirt Ghinearálta ó thaobh teicneolaíochta faisnéise de. Má léiríonn an faireachán seo aimhrialtacht, diúltófar don taisceadh.

16. Seoltar deimhniú don taisceadh a rinneadh ina léirítear, an dáta agus an t-am arna dtarchur é sin chuig an úsáideoir trí ríomhphost.

17. Ós rud é go n-athraíonn fad na n-oibríochtaí taisceadh a ullmhú agus comhaid a íoslódáil, moltar d'úsáideoirí gan fanacht leis an teorainn ama chun an taisceadh a dhéanamh.

18. Ní dhéanann deimhniú an taisceadh a ghineann e-Curia réamhbhreith ar inghlacthacht nós imeachta na ndoiciméad a tharchuirtear.

19. Déantar tarchur doiciméad nós imeachta a chriptiú go huathoibríoch. Maidir le gach doiciméad nós imeachta a thaisceadh, déantar méarlorg digiteach aonair a ríomh i gcomhréir le próiseas caighdeánach (SHA-512). Áirítear an méarlorg i ndeimhniú an iarratais agus moltar é a choinneáil i leagan leictreonach le linn thréimhse na n-imeachtaí ar fad. Is féidir a fhíorú tráth ar bith nach ndearnadh athrú nó modhnú ar dhoiciméid nós imeachta, cuirfear méarlorg digiteach nua le haon athrú arna dhéanamh ar an doiciméad.

### Doiciméid nós imeachta a sheirbheáil

20. Cuirtear an t-úsáideoir ar an eolas trí ríomhphost nuair atá doiciméad nós imeachta atá ag fanacht ar sheirbheáil ar fáil in e-Curia.

21. Nuair a dhéanann roinnt daoine a bhfuil cuntas rochtana acu ionadaíocht ar pháirtí, seoltar ríomhphost chuig gach duine acu ag cur in iúl go bhfuil doiciméad nós imeachta ag fanacht ar sheirbheáil agus, más infheidhme, chuig na cúntóirí a d'ainmnigh siad.

22. Comhfhreagraíonn dáta agus am na seirbheála don nóiméad a iarrann an t-úsáideoir rochtain ar an doiciméad nós imeachta. Nuair a dhéanann roinnt daoine ionadaíocht ar pháirtí, nó nuair a éiríonn le sealbhóir cuntais 'ionadaí', cuntais 'cúirt' nó cuntas 'duine údaraithe' cuntas 'cúntóir' a oscailt do chúntóir amháin nó roinnt cúntóirí, is é

an tráth a chuirtear san áireamh chun spriocdhátaí a ríomh ná tráth an chéad iarratais ar rochtain, cibé gurb é sealbhóir an chuntais nó ceann dá chúntóirí atá mar údar an iarratais.

23. Measfar, áfach, go ndearnadh doiciméad nós imeachta a sheirbheáil ar dhul in éag an seachtú lá i ndiaidh a sheoladh ríomhphost chuig an úsáideoir chun infhaighteacht an doiciméid in e-Curia a chur in iúl dó. Moltar ceangail a dhéanamh le e-Curia uair sa tseachtain ar a laghad.

24. Léireofar an dáta seirbheála iarbhír nó toimhdithe do dhoiciméid nós imeachta in e-Curia. I gcás seirbheáil thoimhdithe, seoltar ríomhphost chuig an úsáideoir chun dáta na seirbheála a chur in iúl dó.

**Teacht ar dhoiciméid nós imeachta**

25. Ceadaítear le e-Curia d'úsáideoirí féachaint ar dhoiciméid a dhéantar a thaisceadh nó a sheirbheáil trí e-Curia.

26. Is féidir féachaint ar dhoiciméid nós imeachta do chás faoi cheann trí mhí ó dháta an chinnidh lena gcuirtear clabhsúr le cás os comhair na cúirte lena mbaineann.

**Dodhéantacht theicniúil e-Curia a úsáid**

27. I gcás ina bhfuil sé dodhéanta go teicniúil e-Curia a úsáid, iarrtar ar an úsáideoir Clárlann na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta a chur ar an eolas láithreach agus, más infheidhme, gach beart is iomchuí a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta is infheidhme os comhair na cúirte lena mbaineann, dá dtagraítear i mír 3 den doiciméad seo.

*****

**GEALLTANAIS ATÁ LE GLACADH AG GACH GNÍOMHAIRE, DLÍODÓIR, OLLAMH NÓ DUINE ATÁ ÚDARAITHE IONADAÍOCHT A DHÉANAMH AIR FÉIN NÓ AR PHÁIRTÍ EILE I GCÁS TARCHUR CHUN RÉAMHRIALÚ, CHOMH MAITH LE GACH DUINE ATÁ ÚDARAITHE GNÍOMHÚ AR SON CÚIRT A RINNE AN TARCHUR**

**Iarrtar ort glacadh leis na gealltanais seo a leanas, mura nglacfaí leo d'fhéadfaí do chuntas a dhíghníomhachtú:**

Tá Coinníollacha Úsáide Fheidhmchláir e-Curia léite agam, agus geallaim go sainráite:

- nach gcuirfidh mé mo phasfhocal pearsanta in iúl do thríú páirtithe, go measfar gach beart arna dhéanamh agus m'aitheantas úsáideora agus mo phasfhocal á n-úsáid mar a bheith déanta agam féin;go gcuirfidh mé aon athrú ar mo sheoladh ríomhphoist atá sonraithe in e-Curia in iúl gan mhoill chomh maith le haon fhoirceannadh de mo ghníomhaíochtaí gairmiúla nó athrú i mo chuid cúraimí;

- go ndéanfaidh mé logáil isteach in e-Curia go rialta agus go mbreathnóidh mé ar na doiciméid nós imeachta ar feitheamh lena seirbheáil orm, atá seolta chugamsa, ar an tuiscint, mura ndéanfar é a rochtain, go measfar aon doiciméad nós imeachta dá leithéid a bheith seirbheáilte orm i ndiaidh dhul in éag an seachtú lá ónar seoladh ríomhphost chun mé a chur ar an eolas go raibh an doiciméad nós imeachta ar fáil ar e-Curia;
- go n-uasdátóidh mé go rialta an liosta d'aon chúntóirí atá agam agus, go háirithe, go scriosfaidh mé an cuntas arna shannadh orthu i gcás athrú a gcúraimí nó i gcás ina gcuirtear deireadh le gníomhaíocht.

## GEALLTANAS ATÁ LE TABHAIRT AG CÚNTÓIR

**Iarrtar ort an gealltanas seo a leanas a thabhairt, mura nglacfaí leo d'fhéadfaí do chuntas a scriosadh:**

Tá Coinníollacha Úsáide Fheidhmchláir e-Curia léite agam, agus geallaim go sainráite gan mo phasfhocal pearsanta a chur in iúl do thríú páirtithe, ós rud é go meastar gur mé féin a dhéanann aon oibríocht a dhéantar trí m'ainm úsáideora agus mo phasfhocal.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 5 Meán Fómhair 2024.

A. CALOT ESCOBAR

V. DI BUCCI